M 7

Coimisiún na Scrúduithe Stáit

***Scrúdú na hArdteistiméireachta 2004***

# Gaeilge Ardleibhéal

## Páipéar 1

170 MARC

**Déardaoin**
**10 Meitheamh**
**Tráthnóna, 1.30 go dtí 4.20**

*Treoracha d'iarrthóirí ar leathanach 2*

# *Treoracha d'iarrthóirí*

**FREAGAIR CEIST 1 (*leathanach 3*) AGUS**
**CEIST 2 (*leathanaigh 4-7*)**

*Ní mór do na hiarrthóirí cúram a dhéanamh de chruinneas na teanga.*

*Caillfear marcanna trí bheith faillíoch ann.*

# *Ceist 1*

## CEAPADÓIREACHT 100 MARC

Freagair do rogha CEANN AMHÁIN de ***A, B, C nó D*** anseo thíos.
*Nóta: Ní gá dul thar 500-600 focal nó mar sin i gcás ar bith.*

### **A** – AISTE – **100 marc**

Scríobh AISTE ar CHEANN AMHÁIN de na hábhair seo.

(a) Réaltaí spóirt (nó ceoil nó scannán) – tá an iomarca tionchair acu ar aos óg na linne seo.
(b) Saol an duine shingil – is é is fearr agus is taitneamhaí.
(c) Baol agus bagairt i saol an lae inniu.

### **B** – SCÉAL – **100 marc**

Ceap SCÉAL a mbeadh do rogha CEANN AMHÁIN díobh seo oiriúnach mar theideal air.

(a) *Is binn béal ina thost*.
(b) Míthuiscint.

### **C** – ALT NUACHTÁIN/IRISE – **100 marc**

Freagair do rogha CEANN AMHÁIN díobh seo.

(a) Léigh tú alt i gceann de nuachtáin an Domhnaigh faoi thábhacht agus faoi thairbhe na gCluichí Oilimpeacha Speisialta a bhí ar siúl in Éirinn anuraidh. Chuir an t-alt sin fearg ort.

Scríobh an tALT a chuirfeá chuig eagarthóir an nuachtáin ar an ábhar sin.

(b) Mar chuid de 'Sheachtain na Sláinte' a bhí ar siúl i do scoil i mbliana, bhí ort agallamh a chur ar dhochtúir nó ar bhia-eolaí faoin ábhar "*An bia inár saol*".

Scríobh ALT d'iris na scoile a bheadh bunaithe ar an agallamh sin.

### **D** – DÍOSPÓIREACHT/ÓRÁID – **100 marc**

Freagair do rogha CEANN AMHÁIN díobh seo.

(a) Scríobh an CHAINT a dhéanfá i ndíospóireacht scoile ar son **nó** in aghaidh an rúin seo a leanas:

"*Níl ról ar bith ag Arm na hÉireann i saol an lae inniu.*"

(b) Iarradh ort píosa cainte a thabhairt ag cruinniú tuismitheoirí sa scoil ar an téama :

" *Is cúis imní an tionchar atá ag an ábhar léitheoireachta do dhéagóirí (irisí etc.), agus atá le fáil ar an margadh faoi láthair, ar dhéagóirí na hÉireann.*"

Scríobh an PÍOSA CAINTE a thabharfá ag an gcruinniú sin.

# Ceist 2

LÉAMHTHUISCINT 70 MARC

Freagair **A** ar leathanaigh 4 (thíos) agus 5 (thall) ***agus*** **B** ar leathanaigh 6 agus 7.

**A** –35 mharc

*Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis.*
BÍODH NA FREAGRAÍ I D'FHOCAIL FÉIN, OIREAD AGUS IS FÉIDIR LEAT.

# *Sa Bhearna Bhaoil*

**1.** Tháinig deireadh le gairid le misean síochána na Náisiún Aontaithe sa Liobáin, áit a raibh fórsaí síochána na hÉireann lonnaithe le blianta fada. Ní túisce deireadh curtha le misean amháin ná go bhfuil ceann nua tosaithe in áit eile. Tá fórsaí síochána na tíre seo díreach tosaithe ar dualgas sa Libéir, tír bheag in iarthar na hAfraice, a raibh cogadh cathartha fuilteach ar siúl inti go dtí le fíorghairid. Misean crua dainséarach a bheidh ann mar cé go bhfuil an phríomhchathair, Monrovia, ciúin go maith, ní hionann an scéal sa chuid eile den tír sin, áit a bhfuil na bóithre breac le baracáidí a mbíonn páistí óga ina bhfeighil agus iad armáilte go draid agus gunna ina sheilbh ag gach uile fhear sa tír.



**2.** Téann fréamhacha an chogaidh chathartha sa Libéir siar go dtí bunú chathair Mhonrovia féin. I mí Feabhra, 1820, d'fhág bád a raibh 83 duine gorm inti cuan Nua-Eabhrac ag triall ar chósta na hAfraice. Iarsclábhaithe ba ea na daoine seo a d'éalaigh óna máistrí i nDeisceart na Stát Aontaithe agus a theith ó thuaidh ag lorg tearmainn dóibh féin. Cuireadh feachtas ar bun i Nua-Eabhrac chun deis a thabhairt do na daoine seo saoirse agus saol nua a bhaint amach dóibh féin ina dtír féin san Afraic. De thoradh an fheachtais seo, d'éirigh le cuid de na hiarsclábhaithe Cape Mesurado ar chósta na Libéire a cheannach i mí na Nollag, 1821. I Meiriceá, tugadh an t-ainm 'Monrovia' ar an bhfeachtas seo agus go luath ina dhiaidh sin tugadh an t-ainm céanna ar an mbaile a tógadh timpeall ar bhá Mesurado.

**3.** D'eascair teannas idir na hiarsclábhaithe agus na daoine dúchasacha sa Libéir. Críostaithe ba ea na hiarsclábhaithe agus rinne siad iarracht a gcreideamh a bhrú ar na dúchasaigh. Theip orthu san iarracht sin. De réir a chéile chuaigh tionchar na n-iarsclábhaithe i bhfeidhm ar an tír go dtí gur éirigh leo dul i gcumhacht. Bhain toradh tubaisteach leis na beartais a cuireadh i bhfeidhm ón am sin amach ar shaol na ndúchasach sa tír. Mheall an rialtas infheisteoirí Eorpacha chun na Libéire agus cuireadh talamh ar fáil chun plandálacha rubair a bhunú timpeall ar chathair Mhonrovia. Caitheadh go dona leis na dúchasaigh. Ní hé amháin sin ach sa bhliain 1930 tuairiscíodh gur fhulaing na dúchasaigh an sclábhaíocht cheannann chéanna ar fheirmeacha na n-iarsclábhaithe agus a d'fhulaing na hiarsclábhaithe féin ar na plandálacha cadáis i nDeisceart na Stát Aontaithe dhá ghlúin roimhe sin.

# *Ceist 2* *ar leanúint*

## LÉAMHTHUISCINT 70 MARC

Freagair **A** *(ar leanúint)* anseo thíos ***agus*** **B** ar leathanaigh 6 agus 7.

**A** *ar leanúint* 35 mharc

**4.** Sa bhliain 1980, d'éirigh leis na dúchasaigh duine dá mbunadh féin, Samuel Doe, a chur i gcumhacht mar uachtarán ar an tír. Ba de thoradh an oideachais a cuireadh ar na dúchasaigh agus i ngeall ar an eagrú polaitiúil a lean sin a d'éirigh leo an t-éacht sin a dhéanamh. Ach bhí stíl neamhthrócaireach ag Doe. Ní hé amháin gur thug sé tús áite dá threibh féin ach ruaig sé treibheanna eile as a ngabháltais dhúchasacha sa chaoi gurbh éigean dóibh teitheadh as an tír uile.



**5.** D'iarr na teifigh seo cabhair ar Uachtarán an Chósta Eabhair, Charles Taylor, Libéireach de shliocht na n-inimirceach agus fear a raibh nimh san fheoil aige do Doe agus dá lucht leanúna. D'ionsaigh Taylor an Libéir agus bhí an cogadh cathartha faoi lán seoil. Nuair a maraíodh Doe i 1990 ceapadh Taylor mar uachtarán ar an Libéir, a thír dhúchais féin. Chreid bunáite na ndaoine go gcuirfí deireadh leis an gcogadh agus go bhféadfaí cneácha na tíre a leigheas. Faraor, ní mar sin a tharla. Ní raibh na treibheanna uile sásta a gcuid arm a ligean uathu de bharr a mímhuiníne as Taylor. Chuir dhá ghrúpa reibiliúnaithe ó dheisceart na tíre feachtas míleata ar siúl ina aghaidh agus nuair a rinneadh léigear fíochmhar ar Mhonrovia b'éigean d'fhórsaí síochána Afraiceacha faoi stiúir Mheiriceá a ladar a chur sa scéal. Cuireadh deireadh le réimeas Taylor agus ghlac na Náisiúin Aontaithe cúram na síochána orthu féin. Is é an misean is contúirtí fós acu é agus is í an bhearna bhaoil is measa ar sheas saighdiúirí cróga na hÉireann riamh inti.

### *Ceisteanna*

1. (a) Cén misean nua atá ag fórsaí síochána na Náisiún Aontaithe de réir an *chéad ailt*? (3 mharc)

   (b) Cén fhianaise atá san *alt céanna* a thaispeánann go mbaineann dainséar leis an misean seo? (4 mharc)

2. (a) Cén feachtas a cuireadh ar bun i Nua-Eabhrac de réir an *dara halt*? (3 mharc)

   (b) Cén chaoi a bhfuair Monrovia a hainm de réir an *ailt chéanna*? (3 mharc)

3. Luaigh **dhá** fháth ar eascair (fhás) teannas idir na hiarsclábhaithe agus na dúchasaigh de réir an *tríú halt*. (6 mharc)

4. (a) Luaitear 'éacht' sa *cheathrú halt*. Cén t-éacht atá i gceist anseo? (4 mharc)

   (b) Cad dó a dtugtar an chreidiúint as an 'éacht' seo a bhaint amach (*an t-alt céanna*)? (4 mharc)

5. (a) Cén chaoi ar tharla sé gur bhain Charles Taylor uachtaránacht na Libéire amach de réir an *cúigiú halt*? (4 mharc)

   (b) Cén t-eolas atá san *alt céanna* a thabharfadh míniú dúinn ar an mímhuinín a bhí ag na dúchasaigh as Charles Taylor? (4 mharc)

LÉAMHTHUISCINT 70 MARC

Freagair **B** ar leathanaigh 6 (thíos) agus 7 (thall).

**B** –35 mharc

*Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis.*
BÍODH NA FREAGRAÍ I D'FHOCAIL FÉIN, OIREAD AGUS IS FÉIDIR LEAT.

# *Oidhreacht Stairiúil á Cosaint*

**1.** Ag deireadh na bliana 2003, thángthas ar thaisí 23 duine le linn do chonraitheoirí innealtóireachta cáblaí leathanbhanda teileachumarsáide a bheith á leagan acu faoi cheann de na príomhshráideanna sa Mhuileann gCearr. Seo é an dara suíomh den chineál seo atá aimsithe ag conraitheoirí ann le roinnt blianta anuas. Sa bhliain 1999, thángthas ar reilig eile a bhaineann le mainistir de chuid Ord San Proinsias a théann siar go dtí an dara haois déag. Fuarthas 30 corp an uair sin i gcúinne amháin den reilig agus tugadh suntas mór do shliogáin éisc a bheith á gcaitheamh ag na manaigh nuair a adhlacadh iad. De réir na gcuntas scríofa atá ar fáil, thugtaí sliogáin d'oilithrigh a théadh ar oilithreacht go dtí mainistir i gcathair Compostela i dTuaisceart na Spáinne.



**2.** Sa dá chás thuasluaite b'éigean do na conraitheoirí, faoi fhorálacha dlí a reachtaíodh níos mó ná cúig bliana déag ó shin, *Acht um Chosaint na dTaisí Náisiúnta*, stop a chur leis an tógáil agus fios a chur ar sheandálaithe leis na láithreacha a iniúchadh. Cleachtas é seo a léiríonn an cúram is gá do chonraitheoirí a ghlacadh orthu féin sa lá atá inniu ann leis an oidhreacht stairiúil a chaomhnú.

**3.** Ag an tochailt is deireanaí sa Mhuileann gCearr, thángthas ar thuama faoi thalamh. Cuid é de Phrióireacht Doiminiceánach a théann siar go dtí an tríú agus an ceathrú haois déag, dar le staraithe áitiúla. Bhunaigh teaghlach Normannach de shloinne, Nuinseann, an Phrióireacht seo i 1237. Shaothraigh duine acu, Gearóid, an léann dúchasach mar fhile gairmiúil agus bhain clú agus cáil amach dó féin. Cuireadh an Phrióireacht faoi chois faoin *Acht um Thoirmeasc na Mainistreacha*, a reachtaíodh faoi réimeas Anraí VIII i 1540. Baineadh leas aisti i ndiaidh a toirmisc mar phríosún ar feadh na gcéadta bliain. Tá ainm an cheantair féin, 'Blackhall', lán le macallaí na staire. San ainm Béarla sin, tá tuairisc ar stádas an Bhéarla mar theanga labhartha sa limistéar thart ar chathair Bhaile Átha Cliath ar tugadh an Pháil air sa Mheánaois.

# Ceist 2 *ar leanúint*

## LÉAMHTHUISCINT 70 MARC

Freagair **B** *(ar leanúint)* anseo thíos.

**B** *ar leanúint* 35 mharc

**4.** Aimsíodh cnámharlaigh 16 duine sa cheantar seo agus is léir ó leagan amach na reilige gur cuireadh na coirp ar bhealach nach raibh pleanáilte mar go raibh siad caite le chéile ann. Ní bhfuarthas míniú air seo nó gur cuartaíodh foinsí na staire scríofa. De réir annála an bhaile chuirtí daoine chun báis go poiblí os comhair gheata na Prióireachta, ar phríosún í féin faoin am seo, agus b'fhéidir gur míniú é seo ar na coirp a bheith caite le chéile sa reilig agus na cloigne (cinn) a bheith ar iarraidh ar chuid acu! Ba shin í an dara huair taobh istigh de chúig bliana ar tháinig stair scríofa nó an seanchas i gcabhair ar an tseandálaíocht le stair an bhaile a ríomh. Agus féach ar an scéal stairiúil, suimiúil a tháinig chun solais: daingean de chuid na Páile le hainm álainn, An Muileann gCearr, nár fhéad na Sasanaigh a chur as riocht lena n-iarracht ar é a bhéarlú; mainistir Phroinsiasach agus ceangal aici leis an Spáinn; teaghlach Normannach a sholáthraigh filí a fuair oiliúint i scoileanna na mbard; Prióireacht a coigistíodh san 16ú céad. Nach suimiúil an stair í!

**5.** Is d'Oifig na nOibreacha Poiblí, do An Taisce agus do Dhúchas atá an buíochas ag dul gur sealbhaíodh an oiread sin dár stair le blianta beaga anuas. Ba iad siúd, seachas na polaiteoirí, a rinne an gaisce. Cinnte, is mór an dul chun cinn a rinneadh ó thús na seachtóidí den chéad seo caite nuair a



b'éigean do dhaoine príobháideacha ar nós F.X. Martin, ollamh agus sagart, feachtas aonair a chur ar bun in aghaidh Bhardas Bhaile Átha Cliath chun láthair fhíorthábhachtach seandálaíochta a bhain leis na Danair i Sráid Winetavern sa phríomhchathair a chaomhnú. Bhuail sé an chéad bhuille i gcath a d'fhás ina chogadh. Chaill an tOllamh misniúil an cath an t-am sin. De bharr a agóide sin, ámh, cuireadh ceangal docht dlí ar thógálaithe tús áite a thabhairt dár n-oidhreacht luachmhar, stairiúil.

**Gluais:** Prióireacht = Séipéal agus ionad cónaithe

### *Ceisteanna*

(i) (a) Cén obair innealtóireachta a luaitear sa *chéad alt* a bhí ar siúl sa Mhuileann gCearr i 2003 nuair a thángthas ar na taisí? (4 mharc)

(b) Cén chaoi ar chabhraigh na cuntais scríofa le míniú a thabhairt ar na sliogáin a fuarthas le linn na tochailte i 1999 (*an t-alt céanna*)? (4 mharc)

(ii) Cén fáth arbh éigean do na conraitheoirí fios a chur ar na seandálaithe de réir an *dara halt*? (4 mharc)

(iii) (a) Luaigh **dhá** rud ón *tríú halt* faoin teaghlach a bhunaigh an Phrióireacht. (6 mharc)

(b) Cad a tharla don Phrióireacht faoi réimeas Anraí VIII de réir an *ailt chéanna*? (3 mharc)

(iv) (a) Cén chaoi a n-éiríonn leis an stair scríofa míniú a thabhairt ar an gcuma a bhí ar na corpáin sa reilig de réir an *ceathrú halt*? (4 mharc)

(b) Luaigh **dhá** ghné atá sa *cheathrú halt* a thaispeánann gur stair shuimiúil, dar leis an údar, atá ag an Muileann gCearr. (6 mharc)

(v) "Chaill an tOllamh misniúil an cath an t-am sin," a deirtear sa *chúigiú halt.* Cad atá i gceist leis an gcaint sin? (4 mharc)

Leathanach Bán

M 7A

Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*Scrúdú na hArdteistiméireachta 2004*

# *Gaeilge Ardleibhéal*

Triail Chluastuisceana

100 MARC

**Déardaoin**
**10 Meitheamh**
**Tráthnóna, 4.30 go dtí 5.10**

**Stampa an Ionaid**

| *Don Scrúdaitheoir* | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| CUID A | | CUID B | | CUID C | |
| Ceist | Marc | Ceist | Marc | Ceist | Marc |
| 1 | | 1 | | 1 | |
| 2 | | 2 | | 2 | |
| 3 | | 3 | | 3 | |

**SCRÚDUIMHIR**

**Iomlán na Marcanna**

# *Treoracha d'iarrthóirí*

***Caithfidh do chuid freagraí uile sa triail seo a bheith i nGaeilge, ach amháin nuair nach gá sin.***

# *Cuid A*

Cloisfidh tú ***trí cinn*** d'fhógraí raidió sa chuid seo.
Cloisfidh tú gach fógra díobh FAOI DHÓ. Beidh sos le scríobh na bhfreagraí tar éis na chéad éisteachta ***agus*** tar éis an dara héisteacht.

## FÓGRA A hAON

**1.** **(a)** Cad a bheidh ar siúl Dé Sathairn seo chugainn?

______________________________

**(b)** Cén áit a mbeidh an rud sin ar siúl?

______________________________

**2.** Cén t-ainm atá ar an dlúthdhiosca?

______________________________

**3.** **(a)** Cad atá ar an dlúthdhiosca?

______________________________

**(b)** Luaigh rud **amháin** faoi mháthair Mhairéad.

______________________________

## FÓGRA A DÓ

**1.** Cén t-ainm atá ar an gclár a bheidh ar siúl ar Raidió na Gaeltachta ar an tríú lá d'Aibreán?

______________________________

**2.** **(a)** Cén bhaint atá ag Mary Kennedy leis an gclár a chraoltar ar RTÉ 1?

______________________________

**(b)** Cén áit arb as don duine sin?

______________________________

**3.** **(a)** Luaigh an **dá** ábhar atá ag an duine sin sa chéim.

______________________________

**(b)** Luaigh ábhar **amháin** cainte a bheidh á phlé ar an gclár.

______________________________

## FÓGRA A TRÍ

**1.** Cén post atá i gceist?

______________________________

**2.** Luaigh **dhá** cháilíocht nár mhór a bheith ag na hiarratasóirí.

(i) ______________________________

(ii) ______________________________

**3.** **(a)** Cén obair a bheidh ar siúl ag an té a cheapfar ag an deasc?

______________________________

**(b)** Ainmnigh an grúpa de chuid an stáisiúin a mbeidh an té a cheapfar ag obair leo.

______________________________

# *Cuid B*

Cloisfidh tú ***trí cinn*** de chomhráite sa Chuid seo. Cloisfidh tú gach comhrá díobh TRÍ hUAIRE.
Cloisfidh tú an comhrá ó thosach deireadh an chéad uair. Ansin cloisfidh tú é ina ***dhá mhír***. Beidh sos le scríobh na bhfreagraí tar éis gach míre díobh. Ina dhiaidh sin cloisfidh tú an comhrá ó thosach deireadh arís.

## COMHRÁ A hAON

***An Chéad Mhír***

**1.** Cad a d'iarr Jackie ar Oilibhéar a dhéanamh di?

---

**2.** Cén fáth nach bhfuil sí sásta leis an bpíosa faoi na Cluichí Oilimpeacha?

---

**3.** Cén gaisce a rinne na fir a luaigh Oilibhéar sa mhír seo?

---

***An Dara Mír***

**1.** Cad a mhol Jackie d'Oilibhéar a dhéanamh chun eolas a fháil faoi na daoine a luaigh sí féin?

---

**2.** **(a)** Cá mbeidh Jackie ag dul anocht?

---

**(b)** Cén bhaint atá ag Eibhlín Ní Scannláin leis an gcinneadh a rinne Jackie?

---

## COMHRÁ A DÓ

***An Chéad Mhír***

**1.** Cén fáth ar chuir Seán glaoch ar Shíle?

______________________________

**2.** Cén fáth nach féidir léi dul ann?

______________________________

**3.** **(a)** Cad a dhéanfaidh sí ar a bealach go dtí an scoil amárach?

______________________________

**(b)** Cad a rinne Seán seachtain ó shin?

______________________________

***An Dara Mír***

**1.** Cén fáth a bhfuil Síle cráite go mór?

______________________________

**2.** Cén **dá** rogha a mhol Seán di?

(i) ______________________________

(ii) ______________________________

**3.** Cad a dúirt an múinteoir Eolaíochta léi faoin mBitheolaíocht?

______________________________

## COMHRÁ A TRÍ

***An Chéad Mhír***

**1.** **(a)** Cén cheist a d'fhreagair Micheál i gceart?

**(b)** Cén gaisce a rinne an bhean óg seo anuraidh?

**2.** Cén áit ar rugadh an bhean óg seo?

***An Dara Mír***

**1.** Cén sórt duaise a bhuaigh Micheál?

**2.** Cén bhaint atá ag Oileán Rhodes leis an scéal seo?

**3.** Cén tairiscint a thug Micheál do Mháire?

# *Cuid C*

Cloisfidh tú ***trí cinn*** de phíosaí nuachta raidió/teilifíse sa chuid seo.
Cloisfidh tú gach píosa díobh FAOI DHÓ. Beidh sos le scríobh na bhfreagraí tar éis na chéad éisteachta ***agus*** tar éis an dara héisteacht.

## PÍOSA A hAON

**1.** Cén fáth ar tugadh an fear óg seo os comhair na cúirte inné?

**2.** **(a)** Cén bhaint a bhí ag 'fón póca' leis an scéal seo?

**(b)** Cén fáth ar stop an carr a bhí á thiomáint ag an bhfear óg?

## PÍOSA A DÓ

**1.** Cén cineál monarchan a d'oscail an tAire inné?

**2.** Luaigh an **dá** earra a bheidh á ndéanamh sa mhonarcha seo.

**3.** **(a)** Cad a bhí ar siúl ag Ríona Ní Choistealbha i Meiriceá?

**(b)** Cad a rinne sí nuair a tháinig sí abhaile?

## PÍOSA A TRÍ

**1.** Cad a bhí ar siúl i dTeach Tábhairne Leo aréir?

**2.** Ainmnigh áit **amháin** a mbíonn an ceoltóir a luaitear le cloisteáil go minic.

**3.** Cén bhaint atá ag Mánus Lunny leis an scéal seo?